Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 23

# An tÚdarás Clárúcháin Maoine

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais an Údaráis Clárúcháin Maoine.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.295 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, le heisceacht amháin. Le haghaidh 2020, lean an tÚdarás de shócmhainní faoin tairseach €10,000 a áireamh ar an gClár Sócmhainní. Tá sé beartaithe, áfach, go gcomhlíonfar ciorclán 21 de 2020 go hiomlán ó chuntas leithreasa na bliana 2021 ar aghaidh.

***Dímheas***

Gearrtar dímheas de réir méid cothrom ar bhonn míosúil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach mar seo a leanas.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte acmhainní párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhíse comhroinnte (Vóta 18). Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí ile linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Ina theannta sin, bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt go bhfeidhmítear na rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar don Oifig seo. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt maidir le seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Éilimh chúitimh***

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine córas teidil a thugann ráthaíocht Stáit do shealbhóir an teidil. Tá an Stát faoi cheangal aon duine a fhulaingíonn caillteanas a shlánú trína bheith ag brath ar an gclár. I ngnáthchúrsa a ghnó, faigheann an tÚdarás éilimh chúitimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964. D'fhéadfadh éilimh teacht chun cinn mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil.

Déanaim maoirseacht ar an obair chun creat frithchalaoise a chur chun feidhme, rud a bhfuil sé mar aidhm aige ár neamhchosaint ar chalaois agus caillteanais de bharr calaoise a íoslaghdú in aghaidh na gclár. Treoraíonn an creat seo cur i bhfeidhm ár straitéise maidir le hiomláine na gclár a chothabháil, cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

Tá achoimre ar na híocaíochtaí a rinneadh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964, leagtha amach i Nóta 6.1 leis na cuntais. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí cúitimh in 2020 a bhain go sonrach le calaois nó le brionnú. Tá líon beag iarratas a líomhnaíodh a bheith calaoiseach fós á n-imscrúdú***.***

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca taobh istigh den Údarás
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- cinntíonn an tÚdarás go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Údarás, le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na

rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte ach amháin i gcás dhá chonradh teileachumarsáide a raibh luach comhcheangailte €96,699 orthu, a dámhadh tar éis próiseas iomaíoch agus a tugadh anonn ar feitheamh próiseas nua soláthair a chur i gcrích. Tá próiseas tairisceana iomaíoch nua curtha i gcrích sa dá chás anois.

Ina theannta sin, chuir an tÚdarás sonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40 de 2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí roimh an Údarás agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an clár rioscaí cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as rialuithe a oibriú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireacháin a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, ar an ngá le timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar agus le soláthar seirbhíse a choinneáil, tugadh isteach roinnt cleachtas oibre nua, lena n-áirítear cianobair a thabhairt isteach.

Tá roinnt rioscaí nua-shainaitheanta mar thoradh ar na cleachtais oibre nua, mar aon le rioscaí bunúsacha maidir le hoibriú i dtimpeallacht pháipéarbhunaithe ar fud na paindéime. Tá clár rioscaí COVID-19 i bhfeidhm agus tá na rioscaí gaolmhara á mbainistiú go gníomhach le raon gníomhartha maolaithe cuí i bhfeidhm.

Féachann na gníomhartha seo lena chinntiú nár lagaíodh an timpeallacht rialaithe mar thoradh ar na cleachtais oibre nua ba ghá a chur i bhfeidhm de bharr phaindéim Covid-19.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach airgeadais aon laigí atá bainteach le 2020 agus ba chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

**Elizabeth Pope**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

31 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2021

# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú | 32,319 | 31,100 | 29,727 |
| | **Ollchaiteachas** | **32,319** | **31,100** | **29,727** |
| | Lúide | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **531** | **607** | **639** |
| | **Glanchaiteachas** | **31,788** | **30,493** | **29,088** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,294,847** | **1,417,409** |

**Elizabeth Pope**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 26,692 | 25,301 |
| Neamhphá | | 4,408 | 4,426 |
| **Ollchaiteachas** | | **31,100** | **29,727** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **607** | **639** |
| **Glanchaiteachas** | | **30,493** | **29,088** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (1,409) | | |
| Dímheas | 496 | (913) | (491) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 46 | | |
| Laghdú ar stoc | 12 | 58 | (55) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **29,638** | **25,442** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 7,917 | 8,291 |
| Measchíosanna | | 2,279 | 2,279 |
| **Glanchostas an chláir** | | **39,834** | **39,012** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 23 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 6,981 | 7,268 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 790 | 880 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 55 | 54 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 91 | 89 |
| | | **7,917** | **8,291** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 3,154 | 2,241 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,738 | 2,405 |
| Stoic | 2.3 | 127 | 139 |
| Réamhíocaíochtaí | | 543 | 493 |
| Ioncam fabhraithe | | 5 | 8 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 72 | 149 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 11 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,496** | **3,194** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 222 | 129 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 1,821 | 2,538 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | — | 16 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,043** | **2,683** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 453 | 511 |
| **Glansócmhainní** | | **3,607** | **2,752** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **3,607** | **2,752** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 33,673 | 3,728 | 1,001 | 38,402 |
| Breiseanna | 809 | 6 | 594 | 1,409 |
| Diúscairtí | (10) | - | - | (10) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 34,472 | 3,734 | 1,595 | 39,801 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 32,565 | 3,596 | - | 36,161 |
| Dímheas don bhliain | 470 | 26 | - | 496 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (10) | - | - | (10) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 33,025 | 3,622 | - | 36,647 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **1,447** | **112** | **1,595** | **3,154** |
| | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 1,108 | 132 | 1,001 | 2,241 |

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 701 | 606 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc tráchtála eile | 1,037 | 1,799 |
| | **1,738** | **2,405** |

**Cuntais bhainc tráchtála eile**

Léiríonn iarmhéideanna an chuntais bhainc tráchtála an tsuim a bhí dlite don Státchiste an 31 Nollaig 2020 i leith táillí clárúcháin. Ní áirítear fáltais neamh-Státchiste a choinnítear sa Bhanc Ceannais i leith airgead ceannaigh cíosa talún. Is é an tsuim a sealbhaíodh ag deireadh 2020 ná €5.8 milliún (2019 €5.6 milliún)

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 84 | 90 |
| Soláthairtí ilghnéitheacha | 29 | 12 |
| Ábhar inchaite TF | 14 | 37 |
| | **127** | **139** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí tógála atá in-fhorchúitithe | 46 | 38 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 26 | 111 |
| | **72** | **149** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 358 | 333 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 211 | 195 |
| Cáin bhreisluacha | 29 | 31 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 3 | — |
| Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste | 1,037 | 1,799 |
| | 1,638 | 2,358 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 183 | 180 |
| | **1,821** | **2,538** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,295 | 1,417 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,306) | (1,401) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(11)** | **16** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1.738 | 2,405 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 72 | 149 |
| | 1,810 | 2,554 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,638) | (2,358) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (183) | (180) |
| | (1,821) | (2,538) |
| | **(11)** | **16** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 2,752 | 2,238 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 31,788 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,295) | | |
| Glanvóta | | | 30,493 | 29,088 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 7,917 | 8,291 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 2,279 | 2,279 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (39,834) | (39,144) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **3,607** | **2,752** |

## 2.8 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **531** | **424** |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Údarás le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha neamhchinnte. Áirítear leis seo na cásanna cúitimh faoi Alt 120 mar a thuairiscítear i nóta 6.1 thíos agus dá dtagraítear sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chaitear ar chlár aonair: Clárlann na Talún agus Clár na nGníomhas a bhainistiú.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 26,575 | 26,692 | 25,301 |
| ii | Taisteal agus cothú | 110 | 22 | 95 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,570 | 1,082 | 1,055 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 900 | 656 | 785 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,627 | 2,315 | 2,069 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 512 | 324 | 398 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 25 | 9 | 24 |
| | | **32,319** | **31,100** | **29,727** |

### Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.57 milliún; toradh €1.082 milliún*

Baineann an gannchaiteachas leis an líon beag éileamh cúitimh faoi Alt 120 a íocadh in 2020. Tá sé deacair uainiú agus toradh na híocaíochta i leith éilimh den sórt sin.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €900,000; toradh €656,000*

Baineann an tearc-chaiteachas le leibhéal laghdaithe caiteachais poist i ráithe 2 de 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**vi Speansais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €512,000; toradh €324,000*

Níor tugadh faoi aon tionscadal suntasach cothabhála oifige in 2020, rud as ar tháinig caiteachas laghdaithe ar áitribh oifige.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 531 | 607 | 639 |
| | **Iomlán** | **531** | **607** | **639** |

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 1,799 | 1,856 |
| Táillí Chlárlann na Talún | 58,624 | 68,413 |
| Táillí Chlárlann na nGníomhas | 1,017 | 1,377 |
| Táillí bhunchíosanna a fuarthas | 57 | 75 |
| Suim a íocadh ar aghaidh leis an Státchiste | (60,460) | (69,922) |
| **Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig** | **1,037** | **1,799** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **529** | **529** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 24,656 | 23,392 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 23 | 19 |
| Liúntais eile | 62 | 66 |
| Ragobair | 56 | 137 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,895 | 1,687 |
| **Pá iomlán** | **26,692** | **25,301** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde 2020 | An íocaíocht aonair is airde 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais breise | 10 | — | 8,058 | 7,994 |
| Liúntais eile | 20 | — | 4,752 | 7,942 |
| Ragobair | 36 | — | 8,283 | 12,618 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 8 | 2 | 11,707 | 14,473 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 56 | 172,997 | 198,970 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 29 | 117,437 | 90,236 |

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €7,742 i leith beirte chuig ranna eile sa bhliain.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

Tá gach teideal atá cláraithe ar an gClár Talún ráthaithe ag an Stát. Foráiltear in Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, go n-íocfar cúiteamh (agus costais ábhartha) i leith caillteanais a fhulaingíonn duine trína bheith ag brath ar an gClár agusi gcás nach é féin nó a ghníomhaire is cúis leis an gcaillteanas, nó nár chuidigh sé go substaintiúil leis an gcaillteanas trí ghníomh, faillí nó mainneachtain. Íocadh sé íocaíocht cúitimh faoi Alt 120 in 2020 (íocadh 18 gcinn in 2019), agus leagtar amach na costais iomlána seo thíos.

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an tÚdarás | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964 | 6 | — | 4 | 15 | 19 | 15 |

## 6.2 Calaois agus calaois amhrasta

Tá ÚCM ar an eolas faoi líon beag cásanna ina bhfuil amhras ann go ndearnadh iarratais chalaoiseacha ar chlárú. Tá na cásanna seo fós á n-imscrúdú. D'fhéadfaí íocaíocht a dhéanamh mar thoradh ar na cásanna faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964.

## 6.3 Cumasc

Mar chuid den Chlár Athchóirithe Seirbhíse Poiblí, rinneadh cinneadh ón Rialtas an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc.

Mar thoradh air sin, cruthófar eagraíocht nua, ar a dtabharfar Tailte Éireann. Beidh Tailte Éireann freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear córas clárúcháin maoine an Stáit, bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit, seirbhís luachála maoine an Stáit agus forbairt agus cothabháil faisnéise geospásúla an Stáit. Teastaíonn reachtaíocht phríomha chun an t-aonán nua a bhunú. Tá Bille um Thailte Éireann, Scéim Ghinearálta, 2020, foilsithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an reachtaíocht a theastaíonn chun Tailte Éireann a bhunú. Ag a chruinniú an 22 Nollaig 2020 cheadaigh an Rialtas scéim ghinearálta Bhille Tailte Éireann agus d'aontaigh sé gur cheart d'Oifig an Ard-Aighne dréachtú foirmiúil a dhéanamh ar an mBille féin.

Tá cóip den scéim ghinearálta seolta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chuig an gCoiste Oireachtais ábhartha agus tá sí ag fanacht le freagra i dtaobh an mian leis an gCoiste grinnscrúdú réamhreachtúil a dhéanamh maidir leis an reachtaíocht atá beartaithe.